# Ceisteanna a Chuirtear go Minic 15 Feabhra, 2013

Is i gcomhthéacs na hImlitreach 0013/2013 is cóir an doiciméad seo a léamh. Is é aidhm an doiciméid seo freagra a thabhairt ar roinnt ceisteanna a chuirtear go minic (FAQ) agus is féidir tuilleadh saincheisteanna a chur leis de réir éilimh.

## Leithdháiltí

1. **An scríobhfaidh an Roinn chuig mo scoil maidir lena soláthar foirne don scoilbhliain 2013/14?**
   Is éard atá in Imlitreach 0013/13 fógra ón Roinn do gach scoil maidir lena leibhéil foirne don scoilbhliain 2013/14. Ceanglaítear ar scoileanna na socruithe san Imlitir a chomhlíonadh gan fógra aonair a fháil ón Roinn.

2. **Cá mhéad post príomhshrutha a bhfuil teidlíocht ag mo scoil ina leith?**
   Seiceáil an sceideal atá iomchuí do do scoil ag **Aguisín A** d'Imlitir 0013/2013, agus úsáid á bhaint as rollú na scoile amhail 30 Meán Fómhair 2012, lena fháil amach cá mhéad múinteoirí ranga príomhshrutha a bheidh ag an scoil don scoilbhliain 2013/14.

3. **Cad ba chóir dom a dhéanamh má mheasaim go bhfuil an leithdháileadh do mo scoil in Aguisín C d'Imlitir 0013/2013 mícheart?**
   Cé go ndearnadh gach iarracht a chinntiú go bhfuil na sonraí bunúsacha a úsáideadh le leithdháiltí a dhéanamh cruinn, ba chóir d'údarás na scoile é féin a shásamh go bhfuil na sonraí cruinn agus go léiríonn siad na tuairsiceáin atá déanta cheana ag an scoil i leith a daltaí agus a múinteoirí. Má tá ceist agat faoi do leithdháileadh, déan teagmháil le Leithdháiltí Bunscoileanna primaryallocations@education.gov.ie

4. **Tiocfaidh méadú suntasach ar an rollú i mo scoil an chéad scoilbhliain eile. An ndéantar soláthar dó sin?**
   Leithdháiltear poist ranga ar scoileanna a theilgeann méadú suntasach ar an rollú do Mheán Fómhair 2013 (a bhfuil stádas scoile i mbéal forbartha acu). Tá na socruithe dó sin leagtha amach i gCuid 1.3 d'Imlitir Bhunoideachais 0013/2013.

## Leithdháileadh GAM/EAL (Leithdháileadh Ginearálta/Tacaíocht Teanga)

1. **Cad é an leithdháileadh GAM/EAL?**
   Faoi na hathchóirithe leithdháilte múinteoirí a tugadh isteach don scoilbhliain 2012/13 baineadh úsáid as na comhacmhainní a bhí ar fáil do GAM (an tSamhail Leithdháilte Ghinearálta) agus EAL (Tacaíocht Teanga) chun próiseas leithdháilte simplí amháin a chruthú do gach bunscoil le GAM agus le tacaíocht teanga araon a chlúdach.

Tagann na socruithe sin in áit an phróisis leithdháilte a leagtar amach i (Páirt 2) gCuid 6 agus in Aguisín 2 le hImlitir SP ED 02/05 Circular SP ED 02/05 don tSamhail Leithdháilte Ghinearálta agus le hImlitir 0015/2009 Circular 0015/2009 do thacaíocht teanga, faoi seach.

Tá neamhspleáchas ag scoileanna maidir leis an tslí leis an acmhainn a imlonnú idir tacaíocht teanga agus tacaíocht foghlama, ag brath ar a riachtanais féin. Ba chóir do scoileanna leanúint le húsáid a bhaint as na pacáistí measúnaithe teanga chun measúnú cruinn tosaigh agus leanúnach a dhéanamh ar inniúlacht teanga na ndaltaí a dteastaíonn tacaíocht teanga uathu (féach Imlitir 0015/2009 mar thagairt.

Ba chóir do scoileanna freisin leanúint orthu ag tagairt don treoir in Imlitir 02/05 (Codanna 3-5) maidir le daltaí atá clúdaithe faoin tsamhail leithdháilte ghinearálta do thacaíocht foghlama, acmhainní teagaisc do riachtanais speisialta oideachais a imlonnú, agus pleanáil i scoileanna aonair.

**2. Conas a ríomhtar an GAM/EAL?**

Baineann an próiseas leithdháilte aonair do GAM agus do thacaíocht teanga le thart ar 4,100 post a leithdháileadh mar seo a leanas:

| **An cineál scoile** | **Leithdháileadh in aghaidh an phoist mhúinteoireachta ranga príomhshrutha** |
|---|---|
| Scoil do bhuachaillí amháin | 5 uair an chloig in aghaidh na seachtaine (0.2 de phost) |
| Scoil Mheasctha* | 5 uair an chloig in aghaidh na seachtaine (0.2 de phost) |
| Scoil do chailíní amháin | 4 uair an chloig in aghaidh na seachtaine (0.16 de phost)** |

*ní mór buachaillí a bheith ar 25% de dhaltaí na scoile ar a laghad agus cailíní a bheith ar 25% de dhaltaí na scoile ar a laghad i scoileanna measctha.

** slánaithe suas/síos chuig an 0.2 is gaire de phost chun cnuasú go poist lán-aimseartha (25 uair an chloig) a éascú

**3. An ndéantar lamháltas do scoileanna Banda 1 DEIS nuair a bhíonn leithdháiltí GAM/EAL á gcinneadh?**

Leantar de dhifreálach sa leithdháileadh GAM/EAL do scoileanna Banda 1DEIS a chur i bhfeidhm. Mar seo a leanas a fheidhmíonn sin:

- Tugtar bun-leithdháileadh breise de 0.4 de phost do scoileanna Banda 1 DEIS sa chás go mbíonn 200 dalta nó níos mó sa scoil bunaithe ar rollú amhail an 30 Meán Fómhair, nó 0.2 de phost breise sa chás go mbíonn níos lú na 200 dalta sa scoil.

**4. Conas a bheidh a fhios agam cén leithdháileadh GAM/EAL atá agam?**

Tá an leithdháileadh do na scoileanna go léir leagtha amach in **Aguisín C** le hImlitir 0013/2013.

**5. Tá stádas scoile i mbéal forbartha tugtha do mo scoil. An méadófar mo leithdháileadh ginearálta don scoilbhliain 2013/14?**

Déanfar coigeartú ar an leithdháileadh GAM/EAL do scoileanna a fuair ceadú do 2 phost forbraíochta nó níos mó, de réir mar is cuí, chun aird a thabhairt ar an gcéad phost forbraíochta a ceadaíodh.

6. **Scoil nuabhunaithe mo scoil-se. An bhfaighimid leithdháileadh GAM/EAL?**
   Bunófar leithdháileadh GAM/EAL na scoile ar na poist ranga príomhshrutha don scoilbhliain 2013/14.

7. **Tá athrú tagtha ar m'uaireanta GAM/EAL don scoilbhliain 2013/14. An mbeidh tionchar aige sin ar mo chnuas-socrú?**
   Beidh, meastar go bhfuiltear tar éis scor den chnuasach seo agus tá na huaireanta a thaispeántar do do scoil in Aguisín C (colún D) ar fáil anois le hathchnuasach don scoilbhliain 2013/14.

8. **Cad ba chóir dom a dhéanamh nuair a théim isteach i gcnuas-socrú nua?**
   Is í an scoil bhunáite a chuireann ar aghaidh an Fhoirm GA2013, agus is é sin an fógra don Roinn a thugann mionsonraí faoi do scoil agus faoi aon scoil eile sa chnuasach. Ní mór duit an fhoirm a shíniú, áfach, sula gcuireann an scoil bhunáite ar aghaidh chuig an Roinn í faoin 15 Márta, 2013.

9. **Chomhaontaigh na scoileanna i mo chnuasach deireadh a chur leis an gcnuas-socrú don scoilbhliain 2013/14. Cad ba chóir dom a dhéanamh anois?**
   Caithfear an Roinn a chur ar an eolas faoi Dé Céadaoin an 6 Márta 2013 maidir le haon chnuas-socrú eile, nó, mura bhfuil aon chnuas-socrú nua beartaithe, faoin na huaireanta faoi leith atá ar fáil i ngach scoil le bheith cnuasaithe.

10. **Tá líon ard daltaí a dteastaíonn tacaíocht teanga uathu i mo scoil. Cad iad na socruithe do thacaíocht teanga do na daltaí sin?**
    Déantar leithdháileadh GAM/EAL ar gach scoil. Tá neamhspleáchas ag scoileanna maidir leis an tslí leis an acmhainn a imlonnú idir tacaíocht teanga agus tacaíocht foghlama.
    Cuirtear poist bhuana bhreise ar fáil do scoileanna ina bhfuil líon ard daltaí a dteastaíonn tacaíocht teanga uathu. Tugtar liosta de na scoileanna a fhaigheann na poist sin in Aguisín C le hImlitir 0013/2013.

    Déanfaidh an Roinn athbhreithniú rialta ar an riachtanas leanúnach do na poist tacaíocht teanga bhuana bhreise, ag féachaint do phátrúin maidir le rollú agus leis an líon daltaí a dteastaíonn tacaíocht teanga uathu.

    Sa chás go mbíonn ar a laghad 20% den rollú sa scoil comhdhéanta de dhaltaí incháilithe a dteastaíonn tacaíocht EAL uathu (daltaí a bhfuil inniúlacht níos lú ná B1 (Leibhéal 3) acu), féadfaidh an scoil tacaíocht EAL bhreise a iarraidh ar an mBord Achomharc Foirne. Is ar bhonn sealadach a leithdháileann an Bord Achomharc poist don scoilbhliain 2013/14. Féach Cuid 4 den Imlitir 0013/2013.

11. **Sa chás go raibh post tacaíochta teanga buan i mo scoil sa scoilbhliain 2012/13, an gcoinneofar é don scoilbhliain 2013/14?**
    Tá.

## Poist Acmhainne (íosmhinicíocht NCSE)

1. **Cathain a bheidh mo leithdháileadh acmhainní do 2013/14 ar eolas agam?** Tá súil ag an NCSE scoileanna a chur ar an eolas i mBealtaine/Meitheamh maidir lena leithdháiltí uaireanta acmhainní ceadaithe don scoilbhliain 2013/14.

2. **An bhfuil athrú ar shuíomh na bpost acmhainne bunáite don scoilbhliain 2013/14?**
   Tá roinnt athruithe beaga ar shuíomh na bpost acmhainne bunáite don scoilbhliain 2013/14 chun éifeachtúlacht na socruithe sin a fheabhsú tuilleadh. Tá na critéir a bhfuil feidhm leo leagtha amach ag Uimh. 7, Cuid 1 den Imlitir 0013/2013.

3. **Conas a mbeidh a fhios agam cá mhéad post bunáite Acmhainne, más ann dóibh, a leithdháileadh ar mo scoil?**
   Tá an liosta scoileanna agus an líon post bunáite acmhainne do gach scoil leagtha amach in Aguisín C le hImlitir 0013/2013 ar láithreán gréasáin na Roinne.

4. **Cad a dhéanfaidh mé nuair a fhaighim mo leithdháileadh NCSE mura bhfuil post bunáite acmhainne i mo scoil?**
   Ba chóir duit teagmháil a dhéanamh leis na scoileanna comharsanachta i do cheantar a bhfuil post bhunáite acmhainne acu maidir le hacmhainneacht bhreise sula ndéanfaidh tú teagmháil leis an Roinn i ndáil le huaireanta páirt-aimseartha. Déanfaidh an Roinn, an t-am sin, comh-iarratais a bhreithniú ó scoileanna den sórt sin ar phost acmhainne sealadach comhroinnte lánaimseartha, mar rogha ar gach scoil ag cur isteach ar phoist acmhainne sealadacha pháirt-aimseartha ar leithligh. Ba chóir a thabhairt ar aird go n-éileoidh an Roinn ar dtús go mbainfear úsáid iomlán as aon acmhainneacht bhreise sna poist bhunáite acmhainne lánaimseartha i scoileanna comharsanachta sula gceadóidh sí aon iarratas den sórt sin.

5. **Cad ba chóir dom a dhéanamh má tá múinteoir páirt-aimseartha ar sealbhóir CID é/í i mo scoil cheana féin?**
   Déan teagmháil leis an Rannóg Leithdháiltí Bunscoileanna, le do thoil, trí ríomhphost a sheoladh chuig primaryallocations@education.gov.ie chun comhairle a fháil ar an tionchar a bheidh ag leithdháiltí múinteoirí ar do scoil.

6. **Cad é an scéal maidir le socruithe áitiúla i ndáil le múinteoirí i bpoist chomhroinnte?**
   De bharr go mbeidh sé níos déanaí nuair a leithdháilfidh an NCSE uaireanta acmhainne, **ní cheadófar do scoileanna uaireanta acmhainne GAM/EAL agus iad sin a cheadaigh an NCSE a chumasc** ina bpoist lánaimseartha.

   Nuair a bheidh an próiseas leithdháiltí agus ath-imlonnaithe tugtha chun críche níos déanaí sa Samhradh, beidh roinnt roghanna ag scoileanna a chomhlíon na socruithe atá leagtha amach in Imlitir 0013/2013 maidir lena **socruithe áitiúla sealadacha** féin a fheidhmiú, nuair is féidir sin, **i ndáil le socruithe oibre laethúla na múinteoirí i bpoist roinnte lánaimseartha.** Is é aidhm na socruithe sin an méid ama a chailltear trí thaisteal idir scoileanna a íoslaghdú.

# Socruithe Ath-Imlonnaithe ag Leibhéal Bunoideachais

## A: Socruithe Ath-Imlonnaithe Ginearálta 2013/14

### 1. An próiseas ath-imlonnaithe do múinteoirí buana agus múinteoirí CID

(i) Cruthaítear gach príomhphainéal do mhúinteoirí buana agus CID lena chinntiú go dtairgtear folúntais do na múinteoirí sin sa chéad ásc.An 31 Bealtaine 2013 an dáta deiridh is féidir le scoileanna a gcuid folúntas a thairiscint do mhúinteoirí ar an bpainéal faoi fheabhsúcháin ar fheidhmiú an phróisis ath-imlonnaithe ag an leibhéal bunoideachais atá á dtabhairt isteach don scoilbhliain 2013/14.

(ii) Caithfear folúntais mhúinteoireachta a thairiscint roimh an 31 Bealtaine 2013 do mhúinteoirí buana agus CID ar phríomhphainéal san ord tosaíochta seo a leanas:
- Folúntais bhuana laistigh de cheantar an phainéil (e.g. deoise)
- Folúntais chuspóir-sonraithe agus folúntais ar théarma seasta atá laistigh de cheantar an phainéil (e.g. deoise) agus a mhairfidh don scoilbhliain uile nó folúntais a údaraítear an chéad lá oibre de mhí na Samhna nó roimhe sin agus a mhairfidh don chuid eile den scoilbhliain.

(iii) Féadfaidh múinteoirí buana agus CID breise rogha a dhéanamh glacadh le post taobh amuigh den gha 45km agus féadfaidh sin cabhrú an gá leis na socruithe teagmhasacha a leagtar amach ag Uimh. 2 agus Uimh. 3 den cháipéis seo a fheidhmiú, a laghdú:

### 2. Ath-imlonnú idir-deoise

Sa chás nach ndéantar gach múinteoir buan agus CID breise ar phainéal deoise a ath-imlonnú mar thoradh ar na socruithe a leagtar amach ag Uimh. 1 thuas, ní mór do gach folúntas i scoileanna i ndeoisí in aice láimhe a bheith ar fáil do na múinteoirí sin, agus ba chóir na poist sin a líonadh trí chomhoibriú idir-dheoise.

## B: Socruithe Iarmharacha

### 3. Socruithe ath-imlonnaithe maidir le haon mhúinteoirí buana agus CID breise iarmharacha

Má tá aon mhúinteoirí buana agus CID breise iarmharacha ann beidh tuilleadh socruithe de dhíth chun iad a ath-imlonnú chuig folúntais i scoileanna.

Ní bhainfear úsáid as na socruithe breise seo ach amháin sa chás nach bhfuil roghanna malartacha inmharthana ann chun na múinteoirí buana agus CID breise iarmharacha a ath-imlonnú. Cinnfear na socruithe beachta a bheidh le húsáid ar bhonn an chás aonair i bpléití leis na comhpháirtithe oideachais ábhartha agus leis an bPátrún ábhartha. Bainfear úsáid as na prionsabail seo a leanas chun na socruithe seo a fheidhmiú:

(i) Ar an gcéad ásc, scrúdófar an scéal maidir lenar féidir aon solúbthacht i gComhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014 i ndáil leis an nga 45km d'ath-imlonnú a chur i bhfeidhm go cuí mar mhodh chun an múinteoir breise chuig scoil leis an gcineál céanna pátrúnachta.

(ii) Ar an dara ásc, scrúdófar an scóip maidir le hath-imlonnú an mhúinteora breise buain a bhfuil CID aige/aici a bhaint amach ar bhonn roghnach tríd an múinteoir ag déanamh iarratais a bheith curtha ar phainéal le pátrúnacht de chineál eile.

Is faoin bpátrún ábhartha é toiliú leis an iarratas seo.

(iii) Mura bhfuil aon rogha inmharthana eile ar fáil, sannfar an múinteoir go sealadach ar fholúntas i scoil le pátrúnacht de chineál eile. Mairfidh an sannadh sealadach seo ar feadh tréimhse na scoilbhliana ábhartha. Coinneoidh aon mhúinteoir ar shannadh sealadach ar an tslí seo a gcearta painéil don phainéal ath-imlonnaithe ábhartha ina scoil bhunaidh féin. Ní bhfaighidh múinteoirí den sórt sin cearta painéil i ndáil leis an bpainéal ath-imlonnaithe a bhaineann leis an scoil ina bhfuil siad sannta go sealadach. Ceanglófar ar mhúinteoirí den sórt sin cloí le riachtanais an Bhoird Bainistíochta i ndáil lena oibleagáid seasamh le héiteas na scoile, ag teacht leis an dlí.

## C: Eile

### 4. Comhchomhairliúchán Leanúnach

An chur chuige a bheidh ag an Roinn maidir le feidhmiú na socruithe iarmharacha a leagtar amach in B thuas ná comhaontú trí chomhthoil a lorg. Maidir leis sin, déanfar comhchomhairliúchán leanúnach leis na geallsealbhóirí ábhartha go léir i ndáil le feidhmiú an phróisis ath-imlonnaithe.

Foilseofar tuilleadh mionsonraí ar leithligh i ndáil le feidhmiú na socruithe painéil sa chuid Ceisteanna a Chuirtear go Minic de láithreán gréasáin na Roinne.

## Ath-imlonnú ar Mhúinteoirí Buana agus Múinteoirí CID Breise

1. **Conas a bheidh a fhios agam má tá múinteoir buan/CID breise i mo scoil?**
   Leagann Aguisíní A & C leis an Imlitir Bhunoideachais 0013/2013 an chuid is mo de na leithdháiltí d'fhormhór na scoileanna amach. Má tá níos mó múinteoirí sa scoil ná mar atá ceadaithe ag do leithdháileadh, bíonn múinteoir/múinteoirí sa bhreis ar riachtanais na scoile.

2. **Cad a dhéanfaidh mé má tá múinteoir buan/CID breise i mo scoil?**
Ba chóir duit socrú a dhéanamh Foirm an Phríomhphainéil (MPF) chomhlánaithe a sheoladh ar ais chuig an Roinn faoin 15 Márta 2013.
Is é/í an múinteoir incháilithe is sóisearaí an chéad duine a chuirfear leis an bpainéal le hath-imlonnú chuig scoil eile. Féadfaidh sé/sí ceadú a lorg ón mBord Bainistíochta, áfach, in imthosca eisceachtúla, go gcuirfí múinteoir incháilithe eile leis an bpainéal ina (h)áit.

Má iarrann an múinteoir incháilithe is sóisearaí go gcuirfí duine eile leis an bpainéal ina (h)áit, caithfidh aon mhúinteoir eile ar spéis leis/léi dul ar an bpainéal é sin a chur in iúl don Chathaoirleach laistigh de chúig lá oibre.

Breithneoidh an Bord Bainistíochta an t-iarratas ón mball foirne. Is ag an bPátrún a bheith an cinneadh deiridh maidir le múinteoir a scaoileadh ar an bpainéal agus inseofar don Phátrún cén fáth a bhfuil sé beartaithe duine eile a chur in áit an mhúinteora incháilithe is sóisearaí.

Caithfidh an múinteoir breise atá le cur leis an bpainéal agus an Cathaoirleach Foirm an Phríomhphainéil (MPF) a shíniú. Ba chóir Foirm an Phríomhphainéil a chur ar aghaidh chuig an Roinn faoin 15 Márta 2013.

## Fógra ar Fholúntais

1. **Cé a chaithfidh mé a chur ar an eolas go bhfuil folúntas i mo scoil?**
Tá ceanglas ar gach Bord Bainistíochta a oibreoir painéil ábhartha (rúnaí deoise, etc.) a chur ar an eolas **láithreach** maidir le folúntais téarma seasta agus buana atá le teacht aníos don scoilbhliain 2013/14.
Ní mór aon fholúntas téarma seasta nó buan ina dhiaidh sin a chur in iúl laistigh de 5 lá oibre ón dáta is eol don Chathaoirleach nó don Phríomhoide faoin bhfolúntas.

Tá ceanglas ar scoileanna a bhfuil folúntais post acmhainne agus/nó folúntais do ranganna speisialta, agus ar scoileanna Speisialta a bhfuil folúntais acu is féidir a líonadh ón bPainéal Náisiúnta Speisialta, na folúntais sin a chur in iúl don Rannóg Leithdháilte Múinteoirí Bunoideachais. Ba chóir sin a dhéanamh trí ríomhphost a sheoladh chuig primaryallocations@education.gov.ie laistigh de na creataí ama thuas.

2. **Cad é an scéal mura bhfuil teacht ar phainéal ath-imlonnaithe ag mo scoil?**
Ní mór do scoileanna nach bhfuil teacht ar phainéal ath-imlonnaithe acu a gcuid folúntas téarma seasta agus buan go léir a chur in iúl don Roinn laistigh de na tréimhsí ama céanna a luaitear thuas. Ba chóir sin a dhéanamh trí ríomhphost a sheoladh chuig primaryallocations@education.gov.ie.

3. **Cad a dhéanfaidh mé má bhíonn folúntas (téarma seasta) sealadach agam?**
Ní mór duit an folúntas sin a chur in iúl don oibreoir painéil. Ní féidir an folúntas sin a líonadh sa chéad ásc ach amháin sa chás go bhfuil múinteoir buan/CID ó do scoil ar an bpríomhphainéal ath-imlonnaithe ar mian leis nó léi a c(h)earta painéil

a chur ar athló agus glacadh leis an bpost téarma seasta don scoilbhliain 2013/14. Seachas sin caithfear é a chur ar fáil, más gá, le líonadh ag múinteoir buan/CID ar bith eile ar an bpríomhphainéal ath-imlonnaithe.

**4. Más post GAM/EAL cnuasaithe é mo phost conas a líonfaidh mé é?**

Ba chóir duit an post a thairiscint don fhoireann sa scoil bhunáite ar dtús. Má roghnaíonn múinteoir foirne a bheith ina m(h)úinteoir GAM/EAL líontar an folúntas iarmhartach tríd an bpríomhphainéal ath-imlonnaithe ábhartha.

Mura mian le múinteoir ar bith sa scoil bhunáite glacadh leis an bpost GAM/EAL ba chóir é a thairiscint do na múinteoirí ábhartha sna scoileanna sa chnuasach. Má roghnaíonn múinteoir as ceann de na scoileanna sin glacadh leis, bogann sé/sí go dtí an scoil bhunáite agus líontar an folúntas iarmhartach tríd an bPríomhphainéal. Mura roghnaíonn múinteoir ar bith sna scoileanna sa chnuasach an post GAM/EAL a líonadh, líontar é tríd an bPríomhphainéal.